RÚN (AE) 2023/324 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 18 Deireadh Fómhair 2022

maille le barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn VI — Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn VI — Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

— ag féachaint do Riail 100 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don dara tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0238/2022),

A. de bhrí, de bhun Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go ngníomhóidh gach institiúid faoi theorainneacha na gcumhachtaí atá tugtha di sna Conarthaí agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus faoi na coinníollacha agus chun na gcríoch atá leagtha amach iontu, agus de bhrí go bhfuil na hinstitiúidí le comhar dílis a chleachtadh eatarthu féin;

B. de bhrí gur cheart d'institiúidí uile an Aontais a bheith ina sampla den ionracas, den trédhearcacht agus den chuntasacht iomlán do shaoránaigh an Aontais i ndáil leis na cistí atá faoina gcúram mar institiúidí de chuid an Aontais;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

1. ag athdhearbhú a barúlacha maidir leis an "liúntas cómhaoinithe TF do na Feisirí" lena gcuirtear liúntas bliantúil TF EUR 3 000 ar fáil do gach comhalta (EUR 5 000 in 2020 faoin méadú aon uaire a bhaineann leis na bearta a tugadh isteach mar thoradh ar phaindéim COVID-19); á iarraidh ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ("an Coiste") athmhachnamh a dhéanamh ar mhéid an liúntais TF chomh maith lena chineál, agus é mar aidhm athrú ó liúntas ar ráta comhréidh go híocaíocht atá bunaithe ar chostais iarbhír agus a bhfuil údar leo;

2. á mheabhrú, mar gheall ar phaindéim COVID-19, gur ghlac biúró an Choiste cinneadh sealadach lena gceadaítear do chomhaltaí an Choiste an gnáthliúntas cothaithe a éileamh as páirt a ghlacadh i gcruinnithe Coiste go cianda chun comhaltaí a chúiteamh go cianda as an am a caitheadh i gcomhlíonadh a ndualgas agus as na costais riaracháin ghaolmhara i gcásanna inar cuireadh cosc ar an gcomhalta taisteal go dtí an Bhruiséil; á chur in iúl gur eol di gur cuireadh togra struchtúrach maidir le liúntas sonrach le haghaidh cianfhreastal ar chruinnithe faoi bhráid na Comhairle ina dhiaidh sin agus gur ghlac an Chomhairle é i mí an Mheithimh 2021; ag aithint go n-éilíonn aon chleachtais nua luacha saothair formheas trí bhíthin cinneadh ón gComhairle agus, dá bhrí sin, á iarraidh an athuair ar an gCoiste luach saothair cothrom agus comhréireach a mholadh do chomhaltaí ar féidir leis an gComhairle teacht ar chomhaontú ina leith;

Bainistíocht inmheánach, feidhmíocht, rialú inmheánach

3. á chur in iúl go dtuigeann sí an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar ghníomhaíocht institiúidí an Aontais, lena n-áirítear na spriocdhátaí dochta chun reachtaíocht nua a ghlacadh agus, dá bhrí sin, do na coistí comhairliúcháin chun a dtuairimí a thabhairt; á mheabhrú gur ghlac an Coiste 13 pháipéar seasaimh, sular formheasadh a nós imeachta leasaithe, mar fhreagairt ar tharchuir chun rannchuidiú éifeachtach agus tráthúil le freagairt an Aontais ar phaindéim COVID-19 a áirithiú; á chur in iúl gur eol di go ndéanann an Coiste faireachán ar chomhlíonadh na spriocdhátaí institiúideacha a leagadh síos dá thuairimí agus gur glacadh bearta *ad hoc* tar éis tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí ó 2019; á áitiú ar an gCoiste tuaraisc a thabhairt ar na bearta sin agus ar ghníomhaíochtaí eile a d'fhéadfadh a bheith ann ina leith sin; ag meabhrú na moltaí uaithi i rúin roimhe seo maidir le hurscaoileadh chun feabhas a chur ar an gcomhar idirinstitiúideach agus, dá bhrí sin, ar thionchar obair an Choiste; ag meabhrú, thairis sin, a molta don Choiste measúnú tionchair cáilíochtúil a dhéanamh ar a thuairimí; á aithint a thábhachtaí atá sé an Coiste a choinneáil mar chomhlacht comhairleach láidir, lena gcumasaítear idirphlé idir na comhpháirtithe sóisialta, go háirithe fostóirí, fostaithe agus ionadaithe leasanna éagsúla eile;

4. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di nach dtugtar treoir i gCinneadh Uimh. 078/21 ón gCoiste maidir le cásanna inar cheart dul i gcomhairle leis an tseirbhís dlí agus á iarraidh ar an gCoiste comhairliúchán den sórt sin a dhéanamh éigeantach i gcás na gcinntí uile, ar a laghad, lena mbaineann riosca dlíthiúil don Choiste; á mheabhrú nach mór acmhainní leordhóthanacha agus an sainordú is gá a chur ar fáil don tseirbhís dlí chun a cúraimí a dhéanamh go rathúil ar mhaithe leis an gCoiste, agus aird á tabhairt ar a ról trasnach agus ar a méid neamhleor;

Acmhainní daonna, comhionannas agus folláine na foirne

5. á chur in iúl gur geal léi an plean gníomhaíochta maidir le foireann a earcú agus a choinneáil arna cheapadh ag stiúrthóireacht an Choiste um acmhainní daonna agus airgeadais, a formheasadh i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus an t-athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar bheartas soghluaisteachta an Choiste; á iarraidh ar an gCoiste a áirithiú go mbeidh ionadaithe foirne rannpháirteach a mhéid is gá i gcur chun feidhme an phlean gníomhaíochta agus san athbhreithniú ar an mbeartas soghluaisteachta faoi seach; á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht an Choiste sa mheitheal idirinstitiúideach a bunaíodh chun dul i ngleic leis na fadhbanna a eascraíonn as an líon teoranta iarrthóirí agus leis an easpa liostaí ionadaithe d'iarrthóirí rathúla ó chomórtais oscailte;

6. ag tabhairt dá haire gur laghdaíodh plean bunaíochta an Choiste faoi 7,98 % i gcomparáid le figiúirí 2013 (níos mó ná an sprioc 5 % arna bunú ag an gCoimisiún), a bhfuil tionchar diúltach soiléir aige ar an gcóimheas ualaigh oibre/acmhainní agus, dá bhrí sin, ar fholláine na foirne; á chur in iúl gur geal léi an cinneadh chun iniúchadh seachtrach a iarraidh chun comparáid a dhéanamh idir na hacmhainní daonna atá ar fáil i gcoibhneas leis an ualach oibre, lena n-áirítear tarraingteacht an Choiste mar fhostóir agus an t-ailíniú idir éabhlóid na ngníomhaíochtaí agus na hacmhainní atá ar fáil; á iarraidh ar an gCoiste comhsheasmhacht a áirithiú idir an t-iniúchadh sin agus an plean gníomhaíochta maidir le foireann a earcú agus a choinneáil; á chreidiúint gur cheart go n-áireofaí san iniúchadh sin anailís shonrach ar na cásanna a chuir an Pharlaimint in iúl roimhe seo (amhail bainisteoirí i bpoist *ad interim* nó dhúbailte "ar mhaithe leis an tseirbhís" agus na poist a bhí líonta tar éis dhul in éag an spriocdháta soghluaisteachta) agus aon chinneadh eile maidir le hacmhainní daonna a dhéanann difear do leithdháileadh foirne; á iarraidh ar an gCoiste Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoin toradh agus faoi na bearta a glacadh chun obair leantach a dhéanamh ar na moltaí atá le baint as an iniúchadh sin;

7. ag tabhairt dá haire gur ullmhaíodh cinneadh nua maidir le teilea-obair agus fleisc-am, a glacadh i mí Aibreáin 2022, i gcomhpháirt le Coiste na Réigiún chun dálaí oibre nua-aimseartha, solúbtha agus torthaíbhunaithe a bhunú don fhoireann; á chur in iúl gur geal léi ullmhú na straitéise agus an phlean gníomhaíochta nua maidir le héagsúlacht agus cuimsiú; ag tacú le rannpháirtíocht oifigeach comhdheiseanna an Choiste a bheith san áireamh sa dá ghníomhaíocht agus tógtha ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar na feabhsuithe a tugadh isteach le linn ghéarchéim COVID-19;

8. ag tabhairt dá haire go bhfuil machnamh leanúnach á dhéanamh ar bhearta nua chun rochtain na mban ar phoist bhainistíochta a chur chun cinn, amhail freagrachtaí bainistíochta idirmheánacha faoi bhun leibhéal an chinn aonaid agus cur chun feidhme praiticiúil an bhuiséadaithe inscne; á mholadh don Choiste leanúint de bheith ag féachaint le moltaí na Parlaiminte a chur chun feidhme chun príomhshruthú inscne a fheabhsú go hinmheánach;

9. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le tréimhsí oiliúna gearrthéarmacha (atá éigeantach chun staidéir a chríochnú) agus chun luach saothair leordhóthanach agus liúntais bhreise a thairiscint do speansais amhail taisteal agus soghluaisteacht;

10. ag cur sonrú i mbreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Feabhra 2022 ([1]) maidir le cás ciaptha féideartha a tuairiscíodh in 2018 trína neamhníonn an Chúirt Ghinearálta Cinneadh Uimh. 293/19 ón gCoiste an 5 Nollaig 2019 lenar forchuireadh an pionós íosta féideartha lena mbaineann rabhadh i scríbhinn, lena ndéantar an ghníomhaíocht maidir leis an gcuid eile a dhíbhe, agus lena n-ordaítear don Choiste na costais a íoc; ag dréim le machnamh inmheánach tar éis an bhreithiúnais sin, go háirithe maidir leis na sáruithe nós imeachta a d'aimsigh an Chúirt Ghinearálta i ndáil leis an bhfiosrúchán inmheánach, amhail an ceann a bhaineann leis an gceart chun cosanta;

([1]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (Ceathrú Dlísheomra) an 23 Feabhra 2022, *OA v Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, T-671/20*, ECLI:AE:T:2022:82

11. á chur i bhfios go bhfuil ceann amháin fós oscailte as na sé iarraidh ar chúnamh a bhaineann le cásanna féideartha ciaptha a fuarthas in 2020; ag tabhairt dá haire, i gcás iarraidh den sórt sin ar chúnamh, gur tugadh an fiosrúchán riaracháin inmheánach chun críche i mí na Nollag 2021, go raibh réamhéisteachtaí ann leis an duine lena mbaineann agus leis an íospartach i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2022 faoi seach, agus gur iarr an t-údarás ceapacháin fiosrúchán riaracháin breise i mí na Bealtaine 2022 chun soiléiriú níos fearr a thabhairt ar an gcás sula ndearna sé a chinneadh críochnaitheach; ag tabhairt dá haire nach ndearnadh cinneadh go fóill; á athdhearbhú go bhfuil tionchar diúltach ag an imeacht ama ar na híospartaigh agus ar chlú na hinstitiúide lena mbaineann araon agus, dá bhrí sin, ag tathant ar an gCoiste aghaidh a thabhairt ar an iarraidh sin gan a thuilleadh moille agus tuairisciú don údarás buiséadach maidir le láimhseáil an cháis sin;

12. ag tabhairt dá haire gur tugadh i gcrích na comhaontuithe socraíochta leis an mbeirt íospartach, a ndearnadh ciapadh morálta orthu, i mí na Nollag 2020 agus i mí an Mhárta 2021 faoi seach; ag tabhairt dá haire go bhfuil an pointe deireanach atá ar feitheamh chun an dá chomhaontú socraíochta a chur chun feidhme go hiomlán ag brath ar athrú atá le teacht ar an gcairt eagrúcháin i gcomhaontú le Coiste na Réigiún agus atá beartaithe a chur chun feidhme an 1 Deireadh Fómhair 2022; á iarraidh ar an gCoiste nósanna imeachta sonracha a chur i bhfeidhm agus iad ag déileáil le cásanna ciaptha ionas go gcaithfear go cothrom le gach íospartach; á áitiú ar an gCoiste tuairisciú go pras don údarás buiséadach maidir le forfheidhmiú éifeachtach an phointe sin; á chur in iúl arís gur oth léi an tréimhse fhada ama i ndáil le forfheidhmiú na gcomhaontuithe socraíochta sin ag an gCoiste de réir mar is gá go dlíthiúil;

13. á chur in iúl gur oth léi go raibh mí Aibreáin 2022 ann sular tugadh i gcrích an comhaontú socraíochta le duine amháin d'íospartaigh an mhí-iompair thromchúisigh; á chur in iúl gur oth léi freisin gur cuireadh moill ar chur chun feidhme na mbeart a comhaontaíodh i mí an Mhárta 2021 idir íospartach eile an mhí-iompair thromchúisigh, iarchomhalta den Choiste, agus Uachtarán an Choiste go dtí tar éis don Pharlaimint cinneadh a dhéanamh an t-urscaoileadh a chur siar; á chur in iúl gur geal léi, mar sin féin, an ráiteas poiblí ó Uachtarán an Choiste, a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Choiste, ag athdhearbhú a leithscéal ó chroí leo siúd go léir lena mbaineann as an bhfulaingt a tharla mar thoradh ar an éagóir sin; á chur in iúl arís gur oth léi go bhfuil Ard-Rúnaí an Choiste fós ag diúltú na heasnaimh agus freagrachtaí inmheánacha a admháil, rud is cúis le sárú ar an dualgas cúraim i leith fhoireann an Choiste;

14. ag cur sonrú i nuashonruithe míosúla an Choiste agus an obair leantach ar na barúlacha a rinne an Pharlaimint sa chéad rún maidir le hurscaoileadh 2020 ([2]); á mheabhrú nach mbaineann tuarascáil OLAF ar chás OC/2018/0666/A.1 ach amháin le hiompar dhéantóir an chiona i leith na n-íospartach agus nach ndéantar scrúdú sa bhreithiúnas a thug an Chúirt Ghinearálta an 1 Meán Fómhair 2021 ([3]) ach ar bhailíocht chinneadh ó bhiúró an Choiste an 9 Meitheamh 2020, ag bréagnú ráitis an Choiste san obair leantach ar an gcéad rún urscaoilte in 2020 gur láimhseáladh gearáin agus aird chuí á tabhairt ar leas oifigeach; á chur i bhfios nach ndearnadh, dá bhrí sin, scrúdú ná bailíochtú ar láimhseáil mhall an cháis ag lucht riaracháin an Choiste agus go háirithe ar na heasnaimh i gcur chun feidhme na nósanna imeachta inmheánacha; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go ndearnadh sárú tromchúiseach a mhair rófhada ar dhualgas cúraim an Choiste i leith chomhaltaí a fhoirne; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go ndearnadh neamhaird iomlán ar feadh blianta fada ar a glaonna gan débhrí ar chuntasacht agus á iarraidh arís, dá bhrí sin, go ndéanfaí imscrúdú seachtrach go sonrach ar an ngníomhaíocht, nó ar an easpa gníomhaíochta, ar ordlathas riaracháin an Choiste, agus béim á leagan ar fhreagracht an ordlathais riaracháin maidir le gearáin chiaptha a láimhseáil agus dea-bhail na foirne a áirithiú;

15. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di nach féidir costas deiridh iomlán an cháis sin a chainníochtú go fóill, costas a mheastar a bheith thart ar EUR 150 000 de thuras na huaire, toisc go mbraitheann sé ar thoradh an nós imeachta dhlíthiúil atá ar siúl faoi láthair os comhair chúirt choiriúil na Beilge, ina bhfuil an Coiste ina pháirtí sibhialta freisin; á iarraidh ar an gCoiste tabhairt i gcrích an nós imeachta dhlíthiúil agus an costas deiridh iomlán a thuairisciú go pras don údarás buiséadach; á iarraidh an athuair go n-éileoidh an Coiste ón déantóir na méideanna a chúitíonn an Coiste do na híospartaigh;

([2]) Rún (AE) 2022/1704 ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Bealtaine 2022 maille le barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn VI — Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (IO L 258, 5.10.2022, lch. 109).

([3]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (Ceathrú Dlísheomra) an 1 Meán Fómhair 2021, *KN v Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*, T-377/20, ECLI:AE:T:2021:528

Creat eitice agus trédhearcacht

16. ag tabhairt dá haire gur ceapadh plean gníomhaíochta eitice, a glacadh i mí Eanáir 2021, mar thoradh ar na bearta a rinne an mheitheal chomhpháirteach ar cuireadh de chúram uirthi athbhreithniú a dhéanamh ar chreat eiticiúil an Choiste; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh roinnt gníomhaíochtaí chun feidhme go hiomlán amhail, *inter alia*, an t-athbhreithniú ar na cinntí maidir le sceithireacht agus ciapadh (a glacadh i mí na Nollag 2021 agus i mí an Mhárta 2022 faoi seach), an comhaontú ar leibhéal seirbhíse le hOifig Imscrúdaithe agus Araíonachta an Choimisiúin chun na fiosrúcháin riaracháin a ghairmiúlú, an oiliúint éigeantach maidir le heitic do gach ball foirne, foireann nua comhairleoirí eitice a bhunú agus a oiliúint, athnuachan leanúnach líonra comhairleoirí rúnda, agus an treoir nua don fhoireann "Meas ar an Obair in CESE" (a foilsíodh i mí na Bealtaine 2022); ag tabhairt dá haire go ndearna an mheitheal chomhpháirteach obair ullmhúcháin freisin chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le nósanna imeachta araíonachta agus fiosrúcháin riaracháin; á iarraidh ar an gCoiste faireachán rialta a dhéanamh, trí bhíthin suirbhéanna *ad hoc*, ar an bhfuil feasacht leordhóthanach ag an bhfoireann ar an gcreat eitice; á chur in iúl gur oth léi go raibh moill mhór ar an athbhreithniú ar na cinntí sin a luadh agus nár glacadh an ceann maidir le ciapadh ach amháin tar éis don Pharlaimint a chinneadh urscaoileadh 2020 a chur siar, rud a léiríonn easpa toilteanais gníomhú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuil aon nós imeachta sonrach maidir le ciapadh lena mbaineann comhalta den Choiste agus oifigeach (laistigh den sainmhíniú i gCinneadh 090/22 A) i bhfeidhm agus mar thoradh air sin nach gcuirtear aon nósanna imeachta aonfhoirmeacha i bhfeidhm chun déileáil le cásanna ciaptha, rud a fhágann go gcaitear ar bhealach éagsúil le híospartaigh; á athdhearbhú an athuair don Choiste, maidir leis an bhfíoras nach féidir na Rialacháin Foirne a fhorchur ar chomhalta den Choiste, nach féidir é a úsáid mar údar cuí le heaspa gnímh; á iarraidh ar an gCoiste foráil a dhéanamh láithreach maidir le nós imeachta sonrach lena dtabharfar cosaint chuí ar chiapadh do gach duine, cosaint atá ag teastáil le fada;

17. ag tabhairt dá haire gur tháinig an cód iompair neartaithe do chomhaltaí an Choiste i bhfeidhm i mí Eanáir 2021 lena soláthraítear soiléireacht níos fearr agus lena bhforchuirtear smachtbhannaí níos déine i gcás aon sárú ar na rialacha; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear sa phlean gníomhaíochta maidir leis an eitic bearta atá dírithe ar chomhaltaí, lena n-áirítear an bróisiúr faisnéise "Urraim agus dínit in CESE" a fhoilsiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an oiliúint maidir leis an eitic do chomhaltaí atá le hailíniú leis an gcód iompair nua; ag tabhairt dá haire go ndéanfaidh an Coiste anailís ar iarraidh na Parlaiminte go ndéanfaí an oiliúint sin éigeantach laistigh den athbhreithniú atá ar na bacáin ar reacht na gcomhaltaí ag na caestóirí an Choiste; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an leagan athbhreithnithe de rialacha nós imeachta an Choiste ag teacht leis an gcód iompair nua agus go n-áirítear ann an fhéidearthacht go scoirfí de bhallraíocht aonair go heisceachtúil trí dhíbirt i gcás ina sárófar caighdeáin eiticiúla, dualgais eiticiúla agus oibleagáidí eiticiúla;

18. ag tabhairt dá haire gur eisigh seirbhís iniúchóireachta inmheánaí an choiste tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí maidir le heitic agus ionracas go luath in 2020; á iarraidh ar an gCoiste achoimre a thabhairt ar na moltaí a rinne an t-iniúchóir inmheánach agus ar na gníomhaíochtaí chun iad a chur chun feidhme;

19. ag cur in aghaidh dhiúltú an Choiste d'úsáid an Chlár Trédhearcachta ar an bhforas gur comhlacht comhairleach é an Coiste; ag tathant ar an gCoiste páirt a ghlacadh sa Chlár Trédhearcachta d'fhonn feabhas a chur ar thrédhearcacht a chuid idirghníomhaíochtaí le hionadaithe leasa sheachtraigh;

20. á iarraidh go ndéanfaí na nósanna imeachta agus na cinntí inmheánacha uile, lena n-áirítear na cinn maidir le heitic, a fhoilsiú i gcolún sonrach de shuíomh gréasáin an Choiste;

21. ag tabhairt dá haire, mar fhreagairt ar iarraidh na Parlaiminte, gur chuir an Coiste moltaí an Ombudsman Eorpaigh san áireamh ina tuarascáil i gcás SI/2/2017/NF *Revolving doors — Implementation of Article 16 of the EU Staff Regulations in a range of EU institutions, bodies and agencies* [Doirse imrothlacha — Cur chun feidhme Airteagal 16 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh i réimse institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh] chun athbhreithniú a dhéanamh ar a chinneadh maidir le gníomhaíochtaí agus tascanna seachtracha; á iarraidh ar an gCoiste tuairisciú maidir le glacadh an chinnidh chríochnaithigh;

Comhar idirinstitiúideach

22. ag tabhairt dá haire go bhfuil caibidlíocht ar siúl leis an gCoimisiún agus leis an gComhairle ag féachaint le caidreamh institiúideach agus riaracháin a neartú; ag tacú leis an gCoiste ina ghealltanas an moladh ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa a chur chun feidhme chun ról institiúideach an Choiste a fheabhsú agus chun é a chumhachtú mar éascaitheoir agus mar ráthóir ar ghníomhaíochtaí daonlathais rannpháirtíochta amhail idirphlé struchtúrtha le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le painéil saoránach;

23. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gCoiste maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar na comhpháirtithe sóisialta agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta ó na Ballstáit i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais agus maidir le teagmháil a dhéanamh leo; ag cur sonrú in iarrachtaí an Choiste a thuairimí agus a ghníomhaíochtaí a scaipeadh mar chuid de chomhlíonadh a mhisin agus ag meabhrú mholtaí na Parlaiminte i rúin urscaoilte roimhe seo ar an ábhar; á iarraidh go mbeadh an comhaontú comhair idir an Coiste agus an Pharlaimint ceangailteach, go háirithe á iarraidh go mbeadh dlúthchomhar tráthúil ann idir rapóirtéirí faoi seach an dá institiúid, go ndéanfaí tuairimí an Choiste a roinnt le coistí ábhartha na Parlaiminte le linn chéim dréachtaithe na tuarascála agus go n-iarrfaí go córasach ar rapóirtéirí an Choiste na tuarascálacha sin a thíolacadh; á mholadh go ndéanfadh an Coiste anailís tionchair níos cainníochtúla agus níos cáilíochtúla ar a thuairimí; á áitiú ar an gCoiste, dá bhrí sin, an fhoireann atá ag obair i réimsí na hoibre reachtaí agus an chaidrimh idirinstitiúidigh a threisiú;

Paindéim COVID-19

24. á thabhairt faoi deara, chun tairbhe a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na paindéime, gur bunaíodh plean gníomhaíochta téarnaimh don Choiste in 2021 arb é is aidhm dó cabhrú le baill foirne bogadh ar aghaidh i dtreo modh oibre iarphaindéimeach; á iarraidh ar an gCoiste tuairisciú don údarás buiséadach maidir le príomhchéimeanna an phlean gníomhaíochta téarnaimh agus a chur chun feidhme.